

Ceardlanna Drámaíochta

Do Dhaoine Fásta

- á socrú don tréimhse Deireadh Fómhair go Nollaig-
Bí i dteangmháil linn!

An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta

Tulach na hÉigse, Camus, Co. na Gaillimhe

Teil: 091-574146

Facs: 091574155

www.drama-gaeilge.com

eolas@drama-gaeilge.com



1896-Tigh Mhaidhcó-2003

Rosmuc

091-574-121

Siopa agus Teach Ósta

Siopa Bia le Peitreal-Flogas-
Videos&rl.

Teach Ósta le neart caint craic ceol
damhsa agus ól. Gach rath ar
Féilé an PHLÉARACA 2003

Comharchumann Chonamara Thiar Teo

CCCTT (Co-op) Teo.

Comharchumann Forbartha Pobal faoi Acht um Forbairt sa
Ghaeltacht 1979.

Bainistíocht agus Riaracháin ar Mhaoin agus Tionscadal
Pobal i gConamara Thiar Theas.

Gach Rath ar

Fhéile an PHLÉARACA 2003

Ó Scairsealbhóirí CCCTT (Co-op) Teo

Fón 095-33436/13 fx. E-Post cbcctt@eircom.net

Cogaslann & Bláthlann Uí Mhistéil

Pictiúir Pas agus Ceadúnais Tiomána
i 60 soicind!

An Cheathrú Rua

Fón: 091-595154/595169

Faics: 091595154

Óstán Chuan Chara

Fón: 095-32255

Faics: 095-32530

Ríomhphost: carnabay@iol.ie

www.iol.ie/~carnabay

Tá fáilte romhat!

Teach a' Daingin

Béal an Daingin, Conamara
091-572502

DEOCH & BIA
GACH CINEÁL CÓISIR

Tigh pheadair mhóir

banrach bán, baile na habhann

beár

Go n-éirí go geal leis an bpleáráca

Ó Éirí go Luí na Gréine

Jackie Mac Donnacha

Bhí sé ar intinn agam, le bliain nó dhó, cuairt a thabhairt ar an tSeapáin. Cén fáth an tSeapáin? Tá col ceathrar liom ag múineadh scoile sa tír sin le cheithre bliana déag, agus bhí sé i gcónaí ag iarraidh orm cuairt a thabhairt air.

Ar an 26ú lá de mhí an Mheithimh, ag an cúig a chlog tráthnóna, fuair mé mo chéad bhlás, nó mo chéad bholadh, den domhan thoir. Ní raibh aon duine as an taobh seo den domhan ar an eitleán ach mé. B'as an oirthear na paisinéirí uilig. Bhí an chos thíos ag an tiománaí, a aghaidh soir, muid ag 37,000 troigh suas, nuair a lig bastard éicint broim uaidh!

Tá broim agus broim ann, ach bhí an boc seo coimhthíoch dáiríre! Weapon of mass destruction ceart a bhí ann. Thug sé ruathar ar fud an eitleáin ar luas lasrach. Chuile dhuine ag breathnú ar an duine ba ghairí dó. Ar ndóigh bhí daoine galánta ann nach ndéanfadh a leithéid seo go brách, ná baol orthu.

D'imigh sé mar a tháinig sé, pé ar bith cá ndeachaigh sé, agus bhí rud amháin cinnte - ní Éireannach a bhí ann!

Ó thuaidh a chuaigh muid, trasna thuaisceart na hEorpa. Thuirling sí ag Narita - Tokyo ag 11.30 maidin Dé Sathairn, turas 12 uair a chloig. Mar gur soir a bhí muid ag dul, bhí sé ina lá an t-achar ar fad. Chaill mé oíche Dé hAoine dá bharr seo, agus is dóigh nach bhfaighidh mé ar ais go brách an oíche sin.

Bhí an tarmac fliuch báite agus cheap mé gur sa mbaile a bhí mé. Ní raibh séasúr na báistí baileach thart fós.

Ach, bhuail an teas marbhánta sin



mé nuair a hosclaíodh an doras. Luigh sé thart orm mar a bheadh cóta mór ann.

Bhí Feichín ag fanacht liom le breith ar lámh orm, agus thug muid aghaidh ar Yokohama, an áit a mbeinn ag cur fúm. Ní raibh mórán le feiceáil ar fud an bhealaigh, ach Paddie Fields. Na mílte acu! Iad uilig faoi uisce.

Iad leagtha amach mar a bheadh siad déanta ag meaisín éicint. Chuile cheann cearnógach, agus an méid céanna, cheapfá. Ní raibh clai na fál idir iad. Go deimhin ní fhaca

mé clai ná fál sa tír sin ar chor ar bith!

Éiríonn an ghrian an-mhoch sa tSeapáin. Bhíodh an ghrian go hard san aer ag a ceathair ar maidin. Ag a sé bhíodh sí chomh hard is a bhíonn sí in Éirinn ag meán lae i lár an tSamhraidh. Ag meán lae bhíodh sí glan díreach os do chionn. Bíonn teas uafásach ann an t-am sin.

Bhíodh mé i mo dhúiseacht chuile mhaidin ag an ceathair a chlog.

Bhíodh préacháin mhóra ag screadach taobh amuigh den

fhuinneog, agus iad chomh mór le laoi bliana. Ba í an teanga chéanna a bhí acu agus atá acu sa tír seo, agus sin Gaeilge – nach ea?

Is é oileán Honshu an t-oileán is mó de na cheithre oileán, agus is ann atá na cathracha móra. Tá 75% den tSeapáin faoi chnoic, iad ag síneadh síos trí lár an oileáin. Tá formhór na ndaoine ina gcónaí thart leis an gcósta. Tá 70% den tír faoi chrainte. Níl aon talamh fágtha le tithe ná foirgnimh a thógáil. Ní bhaineann siad a gcuid crainnte, ach ag iomportáil a gcuid adhmaid ó thíortha eile. Ta spás an-luachmhar sa tír, tá an chuid is mó de na tithe cónaithe déanta as adhmaid agus iad an-bheag, fáiscithe isteach i mullach a chéile. Tá 123 milliún daoine ina gcónaí sa tSeapáin. I Yokohama, san áit ar fhan mé, tá an daonra níos mó ná daonra na hÉireann ar fad. Tá go leor talún cruthaithe acu as an bhfarraige, agus tá caint anois ar aerfort nua as an bpíosa a thógáil ar an bhfarraige. Níl aon rogha acu.

Rud a thug mé faoi deara ar an bpointe ná cé chomh glan is a bhí chuile áit. Ní raibh boscaí bruscair in aon áit sna cathracha, ná ar an traein. Níl aon ghá le boscaí bruscair mar ní chruthaíonn na daoine aon bhruscar. Seo é toil na ndaoine, ní brú ná ordú ón rialtas. An t-aon áit a bhí me bruscar ná póstaer mór de David Beckham a chonaic mé in airde ar chuaille i Tokyo.

Tá an córas taistil do-chreidte. Bíonn traenacha ar an orlach ann, agus iad uilig in am. Tá an oiread acu ann agus dá mbeadh ceann amháin mall dhéanadh sé praiseach den chóras. Cheapfá, scaití, go mbíonn an daonra uilig ar an traein. Bíonn sí pacáilte mar a bheadh scadáin ann. Baineann 22 milliún duine úsáid as an gcóras traenach i Tokyo chuile lá. Bíonn daoine ag chuile stáisiún chun na paisinéirí a bhrú isteach, má bhíonn an traein lán. Is cosúil gur in oifigí a bhíonn chuile dhuine ag obair. Bíonn na fir gléasta amach i

gcultacha, léinte bána, agus carabhat. Cheapfá go mbíonn culaith nua ar chuile dhuine. Bíonn na mná gléasta an-ghálanta. Thart ar chathair Yokohama, ní chaitheann na daoine óga aon fháinní cluas, srón, liopa &rl, cé go gcaitear i Tokyo iad.

Bíonn siad go síoraí ag éisteach le ceol ar chluasáin. Maidir leis na bóithre, ní fhaca mé aon phot-hole. Ní fhaca mé aon pholl bainte agus deichniúr ag breathnú síos ann. Ní fhaca mé aon bhóthar nach raibh críochnaithe. Ní raibh clocha beaga scaoilte, ná scartha, ná scartha.

Cés moite dom fhéin, agus Feichín, ní fhaca mé aon duine a raibh aon liathachan ina gcuid gruaise. Ní fhaca mé aon duine a bhí ramhar, cés moite don Sumo wrestler a chonaic mé ar tsráid lá. Bhí sé siúd chomh mór le deichniúr.

Tá an tír an-tógtha le Baseball, agus go leor de na páirceanna sin le feiceáil ann. Bíonn na céadta gasúr le feiceáil maidin Dé Domhnaigh agus a gcuid cultacha orthu ag dul ag imirt an chluiche sin.

Tá pubanna ar an orlach ann. Cuid acu an-bheag go deo. Líonann ochtar cuid de na pubanna. Cuirtear fáilte Uí Cheallaigh romhat. Cuirtear bia os do chomhair ar dtús. Má tá dúil agat ann, gheobhaidh tú tuilleadh. Beoir a bhíonn sna pubanna beaga seo. Cuirfear buidéal agus gloine amach chugat, ach ní líonann tú é. Is duine eile a líonann an ghloine i gcónaí, agus líonfaidh tusa gloine duine eile. Sin an nós atá ann. Bíonn fear/bean an tí an-ghealgháireach, agus an-chairdiúil. Níl aon am dúnadh. Dúnann an pub nuair atá an duine deireanach réidh le n-imeacht. Má bhíonn sé ag báisteach ar imeacht duit tugann an t-óstóir scáth báistí duit.

Ní hiontas é go mbeadh an-tóir ar Karaoke sa tír. Caitheann siad an oíche ag gabháil fhoín, go dtí an sé a chlog ar maidin.

Tá na tacsaithe go flúirseach. Ma bhíonn ceann uait beidh sé le do thaobh sula mbeidh do lámh in airde agat. Bíonn culaith ar an

tiománaí, agus miotóga bána. Bíonn éadach bán ag clúdach na suíochán.

Thugadh muid cuairt ar phub Takemi go minic. Tá an cháil air gurb é is fearr ag déanamh Irish Coffee. Níl bréag ann. Ta Gaeilge ag Takemi. Ta 'fáilte', 'sláinte', agus 'póg mo thóin' aige.

Ta an-imní ar Takemi faoin athrú atá ag teacht ar a mhuintir. Ní thaitníonn tionchar an Iarthair leis, go mór mór tionchar Mheiriceá, atá ag sleamhnú leis isteach go mall chun a thíre. Líonann dhá dhuine dhéag an pub.

Bíonn laindéar dearg ar crochadh taobh amuigh de na pubanna chun a thaispeáint gur 'working class' a bhíonn ag ól ann.

Shinto 'bealach na ndéithe' reiligiún dúchasach na Seapáine. Ba é a tháinig ar dtús. Tháinig Budachas ina dhiaidh sin. Baineann Shinto leis an nádúr, rud a bhfuil muintir na Seapáine an-ghar dó, agus an-mheas acu air. Baineann Shinto le huisce, crainnte, an ghrian, cruth na gcloch, an saol seo. Creideann siad go bhfuil suíomhanna aithrid coisricthe, agus tógadh scríneanna sna háiteacha sin. Tá na mílte scrín ar fud na tíre, agus tugtar cuairt orthu go minic. Bíonn geata mór ag chuile scrín, agus fíoruisce ag rith. Ní mór duit do lámha a níochna, agus do bhéal a ghlanadh amach leis an uisce, sula ngabhfaidh tú isteach chuig an scrín.

Baineann Budachas leis an gcéad shaol eile. Is teampaill a bhíonn acu seo agus ach an oiread le Shintó, bíonn daoine ag tabhairt cuairte orthu i gcónaí. Thug muid cuairt ar go leor teampall agus scríneanna.

Tá íomha den Bhuddha in áit ar a dtugtar Kamakura. Íomhá mór millteach atá 14 méadar ar airde, agus 121 tonna meáchain. Tugann na mílte cuairt air chuile lá.

Tá na teampaill fíor álainn, agus faigheann siad aire na gloine.

Bhí sé ar intinn agam gan an tír a fhágáil gan cuairt a thabhairt ar

Hiroshima. Cathair mhór leathan, nua-aoiseach. Ag an stáisiún traenach is féidir leat dul in airde deich gcinn de *elevators* suas go dtí an 'sky walk' mar a thugtar air. Tá radharc ar Kyoto uilig as seo. Tá cnoic mórthimpeall ar an gcathair. Is iontach an radharc é. Suíomh álainn.

Bíonn na sráideanna lasta san oíche le laindéir dhearga, na céadta acu chaon taobh den tsráid.

Chuaigh muid isteach i bpub an 'Hill Of Tara'. Bhí bialann leis. Bhí Connemara Sirloin steak ann, Connemara Single Malt (peated) agus Connemara Pot Still?? Rudaí nach bhí fada Conamara riamh, ach ag ligean orthu fhéin. Ba le Seapánach é, agus é ligthe aige le fear as Luimneach. Dúirt mé leis gur peaca mairfach a bheith ag tabhairt ainm Chonamara gan fáth. Níor thuig sé.

Bhí beoir 5.60 euro, Guinness an méid céanna, agus ag an Happy Hour ní bhíonn an pionta ach 4.20 euro.

Bhí pictiúr mór breá de Joe Rabbitte ar an mballa.

Maidin lá arna mhárach chuaigh muid go Hiroshima. Níl an chathair an-mhór, b'fhéidir beagán níos mó ná Gaillimh. Tá an daonra thart ar milliún go leith. Cathair an nua-aoiseach. Go leor gloine.

Tá Páirc Síochana anois thart ar an áit ar scaoil Meiriceá an Buama Adamhach. Tá an foirgneamh ansin ar an spota ar phléasc an buama, ar maidin Luan, an 6ú lá de Lunasa 1945. Gar dó, tá tulach, nó cnocán beag, agus féar glas ag fás air. Faoi gcnocán sin ta luaithreach 200,000 duine, an chuid is mó acu a loisceadh ina mbeatha ar an lá sin, agus cuid eile a fuair bás ina dhiaidh sin. Rinne an buama smionagar den chathair ar an bpointe. Tá go leor eile sa bpáirc; an Peace Bell, a bhfuailtear chuile lá, agus atá le cloisteáil ar fud Hiroshima, Cenotaph for the A. Bomb Victims, The Flame of Peace, a bhíonn ar lasadh i gcónaí, Músaem, agus áit a dtugann daoine a tháinig slán caint do chuirteoirí agus do ghasúir scoile. Níl muintir

Hiroshima searbh, tar éis ar tharla dóibh. Níl uathu anois, ach iarracht a dhéanamh a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid seo arís. D'éirigh Hiroshima as an luaithreach, agus is mór an spóirt í mar chathair. D'airigh mé an-aisteach ann. Níl a fhios agam fós cén fáth?

Ní dhéanfaidh mé dearmad go brách ar an gcnocán beag sin.

Tháinig mé trasna ar Haiku cúpla lá ina dhiaidh sin. D'aistrigh sé rud eicint mar seo;

'Breoite ar thuras, in aisling siúlaim na goirt sheargtha.'

Nach bhfuil se scanrúil, go bhfuil os cionn 30,000 diuracán in armlann an domhain, agus chaon cheann acu níos cumhachtaí ná na buamaí a scaoil Meiriceá ar Hiroshima, agus Nagasaki!

Tá go leor Seapánach a cheapann go bhfuil Bush an-chontúirteach, agus tá go leor, leor, a aontaíonn leo.

D'fhan muid sa gcathair an oíche sin, i dteach lóistín. Ní raibh aon leaba ann, ach 'futon'. Mattress ar an urlár.

Ní chreidfeá ach chomh compordach is a bhí sé. Fuair muid bricfeasta breá ar maidin. Thart ar 20 euro an duine.

Tá Capsule Hotels le haghaidh Seapánach nach dtéann abhaile tar éis a gcuid oibre. Is féidir leo culaith nua a cheannach ar maidin, san óstán, agus ní bheidh a fhios ag aon duine nach ndeachaigh siad abhaile an oíche roimhe sin. Tá na hÓstáin seo cosúil le spásárthach!

Bhí Pas Taistil ceannaithe agam in Éirinn, sular imigh mé. Chosain sé 28000 yen. (240 euro) Shábháil an pas sin timpeall 2000 euro dom. "Bullet train" a thugtar ar an Shinkansen, agus déanann sí thart ar 186 míle san uair. Tá siad an-chompordach.

Tagann freastalaí thart chuile

leathuair, má bhíonn tada ag teastáil uait. Tagann ceannlínte na nuachta aníos ar an scáileán i chuile charráiste, chomh maith le tuar na haimsire, an t-am &rl.

Baineann go leor daoine úsáid as an rothar. Ní ar an mbóthar a bhíonn siad, ach ar an gcasán siúil. Ní mór duit a bheith an-chúramach, caitear géilleadh dóibh, agus is cosúil nach mbíonn aon choscáin ar na rothair.

Ceapann cuid acu go bhfuil Éire sa Ríocht Aontaithe (tá a fhios acu anois nach bhfuil) An dream a bhfuil a fhios acu nach bhfuil, cuireann sé iontas orthu go bhfuil an t-eachtrannach sa tír seo fós.

Tá go leor Seapánach ag déanamh staidéir ar Ghaeilge. Bíonn ranganna Gaeilge ag Feichín cheithre thráthnóna sa tseachtain, i Tokyo agus Yokohama.

Tá an saibhir agus an daibhir ann ar nós chuile thíre eile!

Ceanaíonn 22 milliún duine an páipéar Daily Yomiuri! Léitear leabhair Seapáinise ó dheireadh an leabhair, ó dheas go clé, agus síos suas a bhíonn na línte! Ta an-tóir ar na Comics, agus bíonn a lán daoine fásta á léamh ar an traein!

Ag 20 bliain a dhéanann na daoine óga ceiliúradh, agus ní ag 21 mar atá anseo. Chuile dhuine a bhíonn 20 bliain d'aois i gceantar amháin, tagann siad uilig le chéile. Bíonn méara na háite ann, agus polaiteoirí áitiúla.

Tuigim nach mbaineann na daoine óga fein móran sásaimh as an oíche.

Tá an t-uisce maith go leor. Ní hé uisce Loch an Óir é, ach, níl aon chaill air.

D'fhág mé an áit a n-éiríonn an ghrian ar an Luan, 14ú Iúil, ag leathuair tar éis a haon.

De bharr gur siar a chuaigh mé, bhí mé san áit a dtéann an ghrian síos ag leathuair tar éis a hocht an tráthnóna céanna.

Ach an oíche Aoine sin a chaill mé, agus mé ag dul soir, ní bhfuair me tásca na tuairisc uirthi. Nach gceapfá go gcasfaí liom í, ar an mbealach anoir?